Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 9 Nollaig 2025
(OR. en)

15267/25

LIMITE

CORLX 1061
CFSP/PESC 1620
COWEB 148
CSC 578

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2020/489 lena gceaptar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh don Idirphlé idir Béalgrád agus Pristine agus do shaincheisteanna réigiúnacha eile de chuid na mBalcán Thiar |

**CINNEADH (CBES) 2025/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2020/489
lena gceaptar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh don Idirphlé idir
Béalgrád agus Pristine agus do shaincheisteanna réigiúnacha eile de chuid na mBalcán Thiar**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 33 i gcomhar le Airteagal 31(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 2 Aibreán 2020, d'aontaigh an Chomhairle Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh (ISAE) a cheapadh don Idirphlé idir Béalgrád agus Pristine agus do shaincheisteanna réigiúnacha eile de chuid na mBalcán Thiar.

(2) An 2 Aibreán 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2020/489[1] lenar ceapadh Miroslav LAJČÁK ina ISAE don Idirphlé idir Béalgrád agus Pristine agus do shaincheisteanna réigiúnacha eile de chuid na mBalcán Thiar.

(3) Cuireadh síneadh le sainordú ISAE le Cinntí (CBES) 2021/470[2], 2022/1240[3] agus 2024/2085[4] ón gComhairle.

PUBLIC

---

[1] Cinneadh (CBES) 2020/489 ón gComhairle an 2 Aibreán 2020 lena gceaptar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh don Idirphlé idir Béalgrád agus Pristine agus do shaincheisteanna réigiúnacha eile de chuid na mBalcán Thiar (IO L 105, 3.4.2020, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2020/489/oj).

[2] Cinneadh (CBES) 2021/470 ón gComhairle an 18 Márta 2021 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2020/489 lena gceaptar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh don Idirphlé idir Béalgrád agus Pristine agus do shaincheisteanna réigiúnacha eile de chuid na mBalcán Thiar (IO L 96, 19.3.2021, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2021/470/oj).

[3] Cinneadh (CBES) 2022/1240 ón gComhairle an 18 Iúil 2022 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2020/489 lena gceaptar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh don Idirphlé idir Béalgrád agus Pristine agus do shaincheisteanna réigiúnacha eile de chuid na mBalcán Thiar (IO L 190, 19.7.2022, lch. 131, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2022/1240/oj).

[4] Cinneadh (CBES) 2024/2085 ón gComhairle an 26 Iúil 2024 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2020/489 lena gceaptar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh don Idirphlé idir Béalgrád agus Pristine agus do shaincheisteanna réigiúnacha eile de chuid na mBalcán Thiar (IO L, 2024/2085, 29.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/2085/oj).

(4) Sháraigh an caiteachas chun sainordú ISAE a chur chun feidhme an buiséad a formheasadh ar dtús. Is gá, dá bhrí sin, speansais gan íoc a chumhdach chun dúnadh ordúil an tsainordaithe a áirithiú.

(5) Ba cheart an méid tagartha airgeadais don tréimhse ón 1 Meán Fómhair 2022 go dtí an 31 Eanáir 2025 a choigeartú.

(6) Ba cheart Cinneadh (CBES) 2020/489 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

PUBLIC

*Airteagal 1*

In Airteagal 5(1) de Chinneadh (CBES) 2020/489, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fomhír:

'Is é EUR 6 779 994,20 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais a bheartaítear chun an caiteachas a bhaineann le sainordú ISAE don tréimhse ón 1 Meán Fómhair 2022 go dtí an 31 Eanáir 2025 a chumhdach.'.

PUBLIC

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i/in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*